**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0072/2024**

7.3.2024

# TUARASCÁIL

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn VI – Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
(2023/2135(DEC))

An Coiste um Rialú Buiséadach

Rapóirtéir: Luke Ming Flanagan

PR_DEC_Other

## CLÁR

**Leathanach**

1. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ..........................3

2. TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ................................5

IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR.......................................................................................................19

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................20

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........21

# 1. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn VI – Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**
**(2023/2135(DEC))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 (COM(2023)0391 – C9-0254/2023)[2],

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil 2022 ar ghníomhaíochtaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus dá thuarascáil bhliantúil chuig an údarás um urscaoileadh ar iniúchtaí inmheánacha arna ndéanamh in 2022,

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí maidir le cur chun feidhme an bhuiséid i dtaca leis an mbliain airgeadais 2022, maille le freagraí na n-institiúidí[3],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[4] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2022, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d’Airteagal 314(10), agus d’Airteagal 317, d’Airteagal 318 agus d’Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[5], agus go háirithe Airteagail 59, 118, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Riail 100 agus d’Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0072/2024),

1. ag tabhairt urscaoileadh d’Ard-Rúnaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa i

---

[1] IO L 45, 24.2.2022.
[2] IO C, C/2023/2, 12.10.2023.
[3] IO C, C/2023/103, 4.10.2023.
[4] IO C, C/2023/112, 12.10.2023.
[5] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

leith chur chun feidhme bhuiséad Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don bhliain airgeadais 2022;

2. ag leagan amach a barúlacha sa rún anseo ina dhiaidh seo;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus an rún atá ina chuid dhílis de a chur chuig Ardrúnaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (sraith L).

## 2. TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn VI – Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (2023/2135(DEC))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn VI – Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

– ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0072/2024),

A. de bhrí, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, gur mian leis an údarás um urscaoileadh béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a neartú tuilleadh trí thrédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, agus trí choincheap an bhuiséadaithe ar bhonn feidhmíochta agus an dea-rialachais acmhainní daonna a chur chun feidhme;

B. de bhrí gur comhlacht comhairleach de chuid an Aontais é Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ('an Coiste') a chuireann fóram ar fáil don chomhairliúchán, don idirphlé agus don chomhthoil i measc ionadaithe ó chomhpháirteanna éagsúla eacnamaíocha, sóisialta agus sibhialta na sochaí sibhialta eagraithe ó na Ballstáit;

C. de bhrí go rannchuidíonn an Coiste le próiseas cinnteoireachta an Aontais agus, trí naisc idir beartais an Aontais agus imthosca eacnamaíocha, sóisialta agus sibhialta a áirithiú, go saothraíonn sé a mhisin maidir le reachtóireacht níos fearr, daonlathas rannpháirteach ó bhun aníos agus cur chun cinn luachanna an Aontais;

D. de bhrí go bhfuil sé éigeantach go rachadh an Coimisiún nó an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoiste i gcásanna áirithe, ach gur féidir leis an gCoiste tuairimí a ghlacadh freisin ar a thionscnamh féin ag baint tairbhe as réimse leathan tarchuir, mar a leagtar amach sna Conarthaí, lena gceadaítear don Pharlaimint dul i gcomhairle leis;

E. de bhrí gurb é Coimisiún na gCoistí um Ghnóthaí Airgeadais agus Buiséadacha comhlacht maoirseachta an Choiste le haghaidh na nósanna imeachta buiséadacha uile agus, go háirithe, bunú na meastachán buiséid, cur chun feidhme an bhuiséid, an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí, an t-urscaoileadh agus an obair leantach ar thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí (an 'Chúirt');

1. á thabhairt dá haire go dtagann buiséad an Choiste faoi cheannteideal 7 CAI 'Riarachán poiblí Eorpach', arbh ionann é agus EUR 11,6 billiún san iomlán in 2022, i.e. 5,9 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais; á thabhairt dá haire gurbh ionann buiséad an Choiste in 2022 agus 1,31 % de leithreasuithe cheannteideal 7 CAI;

2. ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt, ina Tuarascáil Bhliantúil don bhliain

airgeadais 2022, sampla de 60 idirbheart faoi Riarachán, arb ionann an líon sin agus an líon a scrúdaíodh in 2021; á thabhairt dá haire, thairis sin, go scríobhann an Chúirt go gcuimsíonn caiteachas riaracháin caiteachas ar acmhainní daonna lena n-áirítear caiteachas ar phinsin, arbh ionann é in 2022 agus thart ar 70 % den chaiteachas riaracháin iomlán, agus caiteachas ar fhoirgnimh, trealamh, fuinneamh, cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise, agus go léiríonn a cuid oibre le blianta fada go bhfuil riosca íseal ag baint leis an gcaiteachas sin ar an iomlán;

3. á thabhairt dá haire, mar chuid dá hiniúchadh do 2022, gur scrúdaigh an Chúirt córais mhaoirseachta agus rialaithe an Choiste, go háirithe cur chun feidhme na gcaighdeán rialaithe inmheánaigh, bainistiú riosca, agus feidhmiú na bpríomhrialuithe a shainítear sa Rialachán Airgeadais, lena n-áirítear rialuithe *ex ante* agus *ex post* maidir le híocaíochtaí;

4. á thabhairt dá haire go raibh earráidí in 14 (23 %) de na 60 idirbheart ach go measann an Chúirt, bunaithe ar na cúig earráid a ndearnadh cainníochtú orthu, go bhfuil an leibhéal earráide faoi bhun na tairsí ábharthachta;

5. á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go luann an Chúirt, ina Tuarascáil Bhliantúil don bhliain airgeadais 2022, nár shainaithin sí aon saincheisteanna sonracha a bhaineann leis an gCoiste; á thabhairt dá haire thairis sin gur mheas an Chúirt, ina hathbhreithniú leantach, gur cuireadh chun feidhme ar bhealaí áirithe an moladh a rinneadh don Choiste sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain airgeadais 2019 maidir leis an ngá atá ann go bhforbródh an Coiste beartas feidhmeanna íogaire i gcomhréir lena chaighdeáin rialaithe inmheánaigh;

***Bainistiú buiséadach agus airgeadais***

6. á thabhairt dá haire gurbh ionann an buiséad deiridh a glacadh don Choiste in 2022 agus EUR 152 451 643, arb ionann é agus méadú foriomlán 5,1 % i gcomparáid le 2021; á thabhairt dá haire gur tháinig méadú 5 % ar an líne bhuiséid maidir le luach saothair agus liúntais idir 2021 agus 2022 mar gheall ar innéacsú bliantúil tuarastal; á thabhairt dá haire gur tháinig laghdú 77 % ar an líne bhuiséid chun áitribh a fheistiú idir 2021 agus 2022 agus gur tháinig sí ar ais go dtí na gnáthleibhéil tar éis oibreacha athchóirithe tábhachtacha a chur chun feidhme in 2021; á thabhairt dá haire, seachas sin, go raibh dáileadh na leithreasuithe thar línte buiséid i mbuiséad 2022 fós inchomparáide le dáileadh na mblianta roimhe sin;

7. á thabhairt dá haire gurbh ionann ráta cur chun feidhme an bhuiséid agus 96,12 % in 2022, tar éis dhá bhliain de chur chun feidhme buiséadach níos ísle mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus na srianta taistil gaolmhara; á thabhairt dá haire gur lean an ráta forghníomhaithe íocaíochta an treocht chéanna agus gur shroich sé 88,12 % in 2022;

8. á thabhairt dá haire gurbh ionann méid na leithreasuithe a thabhairt anonn go dtí 2022 agus EUR 20 162 518, i.e. thart ar 13 % de bhuiséad bliantúil 2022, méid a bhí i bhfad níos airde ná an meán sna blianta roimhe sin; á chur in iúl go dtuigeann sí go raibh nasc idir an tabhairt anonn sin agus oibreacha foirgneamh a chur siar in 2020 agus 2021;

9. á thabhairt dá haire gur 18 lá a bhí sa mheán-am le haghaidh íocaíochta in 2022, arb ionann é agus laghdú géar ó 2019, nuair is 30,19 lá a bhí ann; á chur in iúl gur mór aici,

ag an am céanna, gur mhéadaigh úsáid sonrasctha leictreonaigh ó 58,54 % in 2018 go 88,84 % in 2022, rud a d'fhéadfadh a bheith ina rannchuidiú leis an laghdú san am le haghaidh íocaíochta le linn na tréimhse sin; á chur in iúl gur geal léi gur athraigh an Coiste a chleachtais mar thoradh ar mholtaí iniúchóireachta inmheánaí maidir le hamanna íocaíochta, a seoladh agus a dúnadh in 2022 agus a rannchuidigh le laghdú in 2022 ar chion na n-íocaíochtaí déanacha go thart ar 10 %;

10. á thabhairt dá haire gur sheol seirbhísí an Choiste féin 15 nós imeachta saothair faoi bhun EUR 60 000 in 2022, go príomha le haghaidh saineolais, staidéar agus tacaíocht lóistíochta; a thabhairt dá haire gur sheol na seirbhísí comhpháirteacha, a chomhroinneann an Coiste le Coiste na Réigiún (CnaR), nósanna imeachta soláthair i réimse na lóistíochta;

11. á thabhairt dá haire gur lean an Coiste de chostéifeachtúlacht a mhodhanna oibre a fheabhsú in 2022, go háirithe a bhuí le hobair hibrideach, dí-ábharú iomlán ciorcaid airgeadais agus ídiú fuinnimh laghdaithe; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur baineadh amach coigiltis bhuiséadacha agus riaracháin trí chomhar idirinstitiúideach, go háirithe trí na seirbhísí comhpháirteacha le CnaR agus trí sheirbhísí sonracha a sheachfhoinsiú chuig an gCoimisiún (ar tháille bhliantúil) chun cúrsaí acmhainní daonna a láimhseáil agus trí ardáin TF éagsúla a úsáid le haghaidh bainistiú airgeadais agus acmhainní daonna, chomh maith le rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair idirinstitiúideacha arna stiúradh ag institiúidí eile;

12. á chur in iúl gur eol di go ndéanann an Chomhairle na cinntí a bhaineann le liúntais chomhaltaí an Choiste chun freastal ar chruinnithe agus le méid na liúntas sin; á chur in iúl gur oth léi, tar éis deireadh a chur de réir a chéile leis na srianta taistil a bhaineann le paindéim COVID-19, gur chinn an Chomhairle i gcoinne aisghairm a dhéanamh ar chinneadh sealadach 2021 lenar deonaíodh liúntas EUR 145 le haghaidh cianfhreastal ar chruinnithe ag na comhaltaí, cinneadh a d'fhan i bhfeidhm go dtí an 25 Bealtaine 2023, nuair a glacadh cinneadh nua ón gComhairle le ráta comhréidh EUR 145 in aghaidh an lae le haghaidh cianfhreastail ar chruinnithe; á mheas gur ionstraim thábhachtach é cianfhreastal d'institiúidí nua-aimseartha, ós rud é, *inter alia,* go laghdaíonn sé costais na gcruinnithe, agus go gceadaíonn sé rannpháirtíocht níos leithne, go háirithe le linn géarchéimeanna, mar a léiríodh le linn phaindéim COVID-19; á mheas, mar sin féin, gur deacair don phobal liúntas le haghaidh cianfhreastail a thuiscint, in ainneoin é a bheith laghdaithe, go háirithe agus an difríocht a íoctar le comhaltaí an Choiste agus le comhaltaí CnaR le haghaidh cianfhreastail á cur san áireamh; á thabhairt dá haire go ndearnadh roinnt sraitheanna rialaithe chun a chruthú go bhfuil comhalta ag freastal ar chruinniú go cianda sula n-íoctar an liúntas;

13. á thabhairt dá haire gur chruthaigh cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine brú buiséadach don Choiste, lena n-áirítear trí mhéadú ar bhoilsciú agus coigeartuithe tuarastail, rud a mhéadaigh go mór na costais fuinnimh agus costas na tógála agus na n-amhábhar; á thabhairt dá haire go háirithe gur mhéadaigh costais fuinnimh ó EUR 726 000 go EUR 3 125 000 idir 2021 agus 2022, i.e. méadú 330 %; á thabhairt dá haire gur thabhaigh gníomhaíochtaí *ad hoc* chun tacú le sochaí shibhialta na hÚcráine costais dhíreacha agus indíreacha, amhail na costais a bhaineann le haistriúchán agus ateangaireacht go hÚcráinis agus uaithi, le heagraíochtaí neamhrialtasacha ón Úcráin a óstáil, agus le seirbhísí slándála agus oiliúint do mhisin chun na hÚcráine;

14. á thabhairt dá haire gur tháinig méadú EUR 25 000 ar bhuiséad 2022 do mhisin foirne i gcomparáid le 2021, a maoiníodh le haistriú buiséid, chun costais níos airde a chumhdach mar gheall ar an méadú ar phraghsanna eitiltí agus óstáin in 2022 agus arbh ionann é agus EUR 398 974 ar an iomlán; á thabhairt dá haire, in 2022, go raibh Uachtarán an Choiste rannpháirteach i 26 mhisean ar chostas iomlán EUR 38 042 i gcomparáid le 12 mhisean ar chostas iomlán EUR 15 327 in 2021, tar éis deireadh a chur leis na srianta taistil tar éis dheireadh phaindéim COVID-19;

***Bainistiú inmheánach, feidhmíocht agus rialú inmheánach***

15. á thabhairt dá haire go saothraíonn an Coiste a mhisean trí thuairimí, ina dtagraítear do thograí reachtacha arna ndéanamh ag an gCoimisiún (tarchuir), tuairimí féintionscnaimh, ina n-iarrtar ar institiúidí an Aontais gníomhaíocht a dhéanamh, agus tústuairimí, a chuireann le hobair an Choimisiúin maidir lena thionscnaimh atá beartaithe, agus gur féidir seasaimh an Choiste a aibhsiú i rúin nó a áireamh i dtuarascálacha meastóireachta agus faisnéise; á thabhairt dá haire gur ghlac an Coiste 202 tuairim agus tuarascáil in 2022, rud atá i gcomhréir lena mheánfheidhmíocht bhliantúil, seachas 2019 agus 2020, nuair a bhí gníomhaíocht an Choiste níos ísle; á thabhairt dá haire gur chuir an Coiste feabhas freisin ar a rannpháirtíocht sa timthriall polaitiúil agus reachtach trí fhreastal ar 345 chruinniú ardleibhéil náisiúnta, Aontais agus idirnáisiúnta, cruinnithe mullaigh agus comhdhálacha, agus trí 116 éisteacht agus 29 gcomhdháil a eagrú;

16. á chur in iúl gur mór aici na tionscadail a seoladh in 2022 i ndáil le tuairimí leantacha treisithe d’fhonn for-rochtain agus tionchar tuairimí roghnaithe a mhéadú agus feabhas a chur ar chumas an Choiste tosaíocht a thabhairt dá chuid oibre agus i ndáil le feabhas a chur ar thráthúlacht sholáthar thuairimí an Choiste; á thabhairt dá haire gur comhlánaíodh na tionscnaimh sin, ag deireadh 2022, trí mhachnamh a dhéanamh ar fhormáid na dtuairimí, arb é is aidhm dóibh úsáid níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí de thuairimí an Choiste a chur chun cinn sa phróiseas cinnteoireachta reachtach;

17. á thabhairt dá haire, in 2022, go raibh Feisirí den Pharlaimint rannpháirteach i gcruinnithe nó in imeachtaí arna n-eagrú ag an gCoiste 68 n-uaire, a d’fhan ar an leibhéal céanna agus a bhí in 2021, agus gur mhéadaigh comhaltaí an Choiste a rannpháirtíocht in imeachtaí arna n-eagrú ag an bParlaimint le linn na tréimhse céanna beagnach faoi dhó; á chur in iúl gur geal léi gur dhírigh an Coiste, in 2022, ar a chaidreamh leis an bParlaimint a threisiú agus ar bhreisluach an Choiste a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin naisc níos dlúithe fós a chothú idir ranna den Choiste agus coistí parlaiminteacha;

18. á thabhairt dá haire go raibh an Coiste páirteach go forleathan i dtionscnaimh éagsúla, lena n-áirítear príomhimeachtaí agus comhdhálacha bliantúla chun dul i rannpháirtíocht le geallsealbhóirí Eorpacha; á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí atá déanta ag an gCoiste chun rannpháirtíocht na hóige i gceapadh beartas a fheabhsú;

19. á thabhairt dá haire gur lean an Coiste dá chreat rialaithe inmheánaigh a threisiú in 2022, agus na ciorcaid airgeadais á simpliú faoin nós imeachta ‘fíorú éadrom’ i gcás roinnt idirbheart ar luach íseal, agus a bheartas maidir le poist íogaire a fhorbairt, mar a mhol an Chúirt ina tuarascáil bhliantúil don bhliain airgeadais 2019; á thabhairt dá haire, bunaithe ar nuashonrú liosta na bpost íogair le linn 2022 agus tráth a foilsíodh an

liosta nuashonraithe de 36 phost ag tús 2023, go raibh an Coiste fós ag obair ar athbhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht agus ar an gcóras bainistithe riosca, agus méid na hinstitiúide agus cineál a cuid oibríochtaí á gcur san áireamh; á iarraidh ar an gCoiste an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta i ndáil le cur chun feidhme mhodheolaíocht na bpost íogair in 2023;

20. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Choiste creat iniúchóireachta níos sainithe agus níos comhsheasmhaí a bhunú trí bhailchríoch a chur ar an gcairt um iniúchóireacht inmheánach agus ar chairt an choiste iniúchóireachta lena mbaineann rialacha nós imeachta a d’fhormheas an coiste iniúchóireachta i mí na Nollag 2022 agus a ghlac biúró an Choiste ag tús 2023; á chur in iúl gur mór aici gur treisíodh feidhm iniúchóireachta inmheánaí an Choiste in 2022, go háirithe trí riarthóir a earcú dá sheirbhís iniúchóireachta inmheánaí agus trí dhlúthchomhordú le hiniúchóir inmheánach CnaR maidir le gach gné a bhaineann le hiniúchadh na gcomhsheirbhísí; ag tabhairt dá haire gur seoladh ceithre iniúchadh in 2022 ar na hábhair seo a leanas: íocaíochtaí déanacha, údaruithe cruinnithe, an timthriall straitéiseach agus roghnú toscairí chuig Coimisiún Comhairleach an Choiste um Athruithe Tionsclaíocha;

*Acmhainní daonna, comhionannas agus dea-bhail na foirne*

21. á thabhairt dá haire, ag deireadh 2022, go raibh 706 bhall foirne san iomlán ag an gCoiste, i gcomparáid le 699 in 2021; ag tabhairt dá haire go raibh 50 gníomhaire ar conradh agus 128 ngníomhaire shealadacha fostaithe ag an gCoiste ag deireadh 2022 (ar méadú é sin i gcomparáid le 46 ghníomhaire ar conradh agus 107 ngníomhaire shealadacha in 2021), lena n-áirítear 19 ngníomhaire ar conradh agus 3 ghníomhaire shealadacha a raibh fad conartha éiginnte acu; á thabhairt dá haire, ina theannta sin, go raibh 12 ghníomhaire eatramhacha agus seachtar ball foirne seachtracha a bhí ag obair ar an láthair fostaithe ag an gCoiste, gan soláthraithe seirbhíse seachtracha i réimsí na lóistíochta agus TF a áireamh; á thabhairt dá haire, in 2022, gur 95.1 % a bhí i ráta fostaíochta na bpost sa phlean bunaíochta;

22. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí leanúnacha an Choiste a chreat acmhainní daonna a fheabhsú d’fhonn a bheith ina fhostóir tarraingteach agus ina ionad oibre lánchuimsitheach ina bhfuil meas ar gach duine aonair agus inar féidir leo a n-acmhainneacht a fhorbairt go hiomlán; á thabhairt dá haire go bhfuil an straitéis chomhtháite acmhainní daonna, a glacadh i mí an Mheithimh 2022, bunaithe ar phrionsabail an chuimsithe, na coinneála, na n-inniúlachtaí agus na feidhmíochta; á chur in iúl gur mór aici gurb é ceann de na chéad ghníomhaíochtaí leantacha uaidh ná suirbhé ar shástacht na foirne a sheoladh i mí Eanáir 2023 agus béim á leagan ar rannpháirtíocht na foirne;

23. á chur i bhfios go láidir gur gné thábhachtach d’ailíniú straitéiseach é ionduchtú na nuatheachtaithe trína áirithiú go gcuirfear an fhoireann ar an eolas faoi na rialacha agus na straitéisí atá i bhfeidhm in institiúid; á thabhairt dá haire gur cuireadh tús arís le hoiliúint ionduchtúcháin do nuatheachtaithe an Choiste i mí Aibreáin 2022; a chur in iúl gur geal léi gur fhorbair an Coiste scéim meantóireachta inar tugadh tacaíocht agus comhairle do mheantóirí i bhfoirm malartú dea-chleachtas chun a modhanna a oiriúnú don timpeallacht oibre hibrideach;

24. á thabhairt dá haire, d’fhonn a chuid acmhainní tearca a dháileadh ar bhealach níos

fearr, gur choimisiúnaigh an Coiste mapáil sheachtrach acmhainní daonna in 2022 lenar deimhníodh an t-ualach oibre trom in go leor seirbhísí éagsúla ar fud an Choiste i bhfianaise an ghanntanais acmhainní a bhí ann tar éis laghdú an phlean bunaíochta in 2013; á thabhairt dá haire, mar obair leantach ar an iniúchadh seachtrach ar mhapáil acmhainní daonna, gur thosaigh an Coiste ar phlean gníomhaíochta a ullmhú lena n-áirítear gníomhaíochtaí i raon feidhme na straitéise comhtháite acmhainní daonna, amhail athbhreithniú ar an gcóras breithmheasa agus feidhmíochta, straitéis cumarsáide inmheánaí a fhorbairt, an cinneadh nua maidir le dálaí oibre a ghlacadh agus faireachán rialta ar rannpháirtíocht na foirne a eagrú; á iarraidh ar an gCoiste nuashonrú a sholáthar maidir leis an obair leantach ar mhapáil acmhainní daonna in 2023;

25. á thabhairt dá haire, agus is mór aici, gur tháinig cinneadh nua maidir le socruithe solúbtha oibre, lena gcumhdaítear beartas solúbtha agus iontaoibh-bhunaithe le haghaidh obair hibrideach, i bhfeidhm an 1 Aibreán 2022 i bhfoirm treoirthionscadal, lena soláthraítear raon leathan patrúin oibre páirtaimseartha agus socruithe solúbtha laethúla agus seachtainiúla don fhoireann; á thabhairt dá haire go ndearna thart ar 25 % de mhná agus 14,4 % d’fhir atá fostaithe ag an gCoiste iarratas ar phatrúin oibre neamhchaighdeánacha in 2022; á thabhairt dá haire go dtugann an cinneadh maidir le dálaí oibre deis don fhoireann teilea-obair a dhéanamh suas le 60 % dá n-am oibre, ar choinníoll go bhfuil sé comhoiriúnach le leas na seirbhísí, agus go dtugann sé deis di teilea-obair a dhéanamh ó áit éigin seachas san áit fostaíochta 15 lá in aghaidh na bliana féilire; á thabhairt dá haire go soláthraítear an trealamh is gá d’fhoireann an Choiste chun dálaí maithe oibre a bheith acu agus iad ag obair go cianda; á chur in iúl gur geal léi go ndearna an coiste meastóireachta suirbhé maidir le sásamh foirne a seoladh ag deireadh 2022; ag tabhairt dá haire gur cheart an cinneadh críochnaitheach maidir le dálaí oibre, tar éis an idirphlé shóisialta le ceardchumainn foirne agus le coiste foirne agus seirbhís dlí an Choiste, a ghlacadh faoi dheireadh 2023; á iarraidh ar an gCoiste an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas go tráthúil faoi na forbairtí i ndáil leis sin;

26. á chur in iúl gur oth léi gurb amhlaidh, in 2022, nach raibh an Coiste in ann sonraí a chur ar fáil i dtaobh cásanna traochta laistigh den Choiste; á chur in iúl go n-urramaítear na teorainneacha ar chosaint sonraí, ach á mheabhrú don Choiste an tábhacht a bhaineann le sonraí staidrimh anaithnidithe laistigh d’eagraíocht chun cuidiú le cinntí bainistíochta; á athdhearbhú gur cheart gníomhaíochtaí múscailte feasachta, dea-chleachtais i ndáil le bainistiú an ualaigh oibre, le cumarsáid agus le réiteach coinbhleachtaí, chomh maith leis an mbeartas um fhilleadh ar an obair, a chur san áireamh; á chur in iúl go dtuigeann sí gur céim dhearfach é glacadh na socruithe oibre nua i dtreo traochadh a chosc ar bhealach níos éifeachtaí ar an leibhéal eagraíochtúil, agus gur cheart cinntí maidir le torthaí na mapála acmhainní daonna a chur san áireamh freisin;

27. á thabhairt dá haire gur lean an Coiste de sciar ard d’fhoireann ar mná iad a fhostú in 2022 (64,6 % den fhoireann ar fad), lena n-áirítear ar an leibhéal meánbhainistíochta (59 % de na bainisteoirí uile); á thabhairt dá haire gur gá ionadaíocht na mban i bpoist bainistíochta sinsearaí a fheabhsú fós, ós rud é nár mhná iad ach triúr bainisteoirí sinsearacha as seachtar ag deireadh 2022; á mholadh don Choiste leanúint dá iarrachtaí maidir le cothromaíocht inscne, go háirithe trí fheasacht a mhúscailt maidir leis an údarás ceapacháin agus a áirithiú go mbeidh comhdhéanamh comhlachtaí éagsúla, lena n-áirítear painéil earcaíochta agus roghnúcháin acmhainní daonna, cothrom ó thaobh inscne de i gcónaí;

28. á chur in iúl gur geal léi an obair chun beartas nua éagsúlachta agus cuimsithe a ghlacadh ó 2022 go 2023, i gcomhairle le bainistíocht an Choiste, le Comhchoiste an um Chomhdheiseanna an Choiste agus le coiste foirne an Choiste; á thabhairt dá haire, sa bhreis ar na gníomhaíochtaí cumarsáide inmheánacha a rinneadh, go ndearnadh feachtas sonrach múscailte feasachta i gcoinne na homafóibe i mí na Nollag 2022; á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh seisiún oiliúna sonrach maidir leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú éigeantach do bhainisteoirí agus gur moladh é don fhoireann agus gur cuireadh cúrsa tiomnaithe maidir le héagsúlacht agus cuimsiú ar fáil do chomhaltaí an Choiste mar chuid dá gclár oiliúna bliantúil; á mholadh don Choiste leanúint dá phlé leis an bParlaimint d'fhonn dul isteach i gClár Gníomhaíochta Dearfach na Parlaiminte do Dhaoine faoi Mhíchumas chun gníomhairí ar conradh faoi mhíchumas a earcú; ag athdhearbhú a hiarrata ó urscaoileadh 2021 go gcuirfeadh an Coiste bailchríoch ar straitéis nuashonraithe maidir le héagsúlacht agus cuimsiú agus plean gníomhaíochta nuashonraithe;

29. á thabhairt dá haire, cé go bhfuil ionadaíocht ag na Ballstáit uile i measc fhoireann an Choiste, nach bhfuil cothromaíocht gheografach bainte amach fós toisc go bhfuil ró-ionadaíocht fós ag roinnt náisiúntachtaí i gcomparáid le náisiúntachtaí eile; ag tabhairt dá haire gur chomhair an Coiste 21 % de na bainisteoirí ó na 13 Bhallstát a tháinig isteach san Aontas tar éis 2004, arb ionann é agus méadú beag i gcomparáid le 19 % in 2021; á athdhearbhú go molann sí don Choiste leanúint de ghníomhaíocht a dhéanamh chun dáileadh geografach cuí a bhaint amach laistigh dá fhoireann, agus béim ar leith á leagan ar an leibhéal bainistíochta;

30. á thabhairt dá haire gurb amhlaidh, in 2022, a d'óstáil an Coiste 52 oiliúnaí ar feadh téarma 5 mhí, ceathrar oiliúnaithe ar feadh téarma 3 mhí agus beirt oiliúnaithe ar dheontais arna ndámhachtain ag comhlachtaí poiblí seachtracha; ag tabhairt dá haire go bhfuair na hoiliúnaithe uile a raibh téarma 5 mhí acu deontas agus liúntas míosúil agus nach raibh na hoiliúnaithe ar théarma níos giorra i dteideal aon ranníocaíocht airgeadais; á chur in iúl gur geal léi, tar éis iarraidh ón bParlaimint le linn nós imeachta um urscaoileadh 2020, gur seoladh athbhreithniú in 2022 ar an gcinneadh maidir le sealanna oiliúna sa Choiste agus é mar chuspóir leis deireadh a chur le sealanna oiliúna gearrthéarmacha gan íocaíocht agus a áirithiú go bhfaighidh gach oiliúnaí luach saothair cuibhiúil; á chur i bhfios go láidir gur tháinig an cinneadh nua maidir le cúrsaí oiliúna i bhfeidhm i mí Iúil 2023, lena n-áirithítear ioncam míosúil agus liúntais taistil agus soghluaisteachta agus, i gcás inarb infheidhme, liúntas míchumais d'oiliúnaithe fadtéarmacha agus gearrthéarmacha araon;

*Creat eitice agus trédhearcacht*

31. á thabhairt dá haire gur lean an Coiste dá phróiseas inmheánach athchóirithe le glacadh rialacha nua nósanna imeachta i mí an Mhárta 2022 agus le glacadh a bhforálacha cur chun feidhme i mí na Samhna 2022; á chur in iúl gur oth léi fós nach dtéitear i ngleic ar leithligh leis an gcaidreamh sonrach idir Comhalta agus oifigeach maidir le ciapadh; á thabhairt dá haire go bhfuil na rialacha nós imeachta ailínithe anois agus comhsheasmhach leis an gcód iompair a glacadh in 2021 tar éis iniúchadh inmheánach an Choiste ar eitic agus ionracas; á iarraidh ar an gCoiste a chur in iúl don Pharlaimint an ndearnadh meastóireacht ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta iniúchóireachta eitice agus ionracais a chur chun feidhme mar a bhí beartaithe agus cén toradh a bhí ar an meastóireacht sin; á chur in iúl gur geal léi an machnamh a

tionscnaíodh in 2022 chun cairt luachanna a ullmhú d'fhoireann an Choiste, tar éis próiseas cuimsitheach agus rannpháirteach a tugadh chun críche agus a cuireadh in iúl don fhoireann in 2023; á chreidiúint nach gcuirfidh beartas neamhfhulaingthe maidir le ciapadh cosc ar an gCoiste líomhaintí maidir le ciapadh agus mí-iompar tromchúiseach amach anseo;

32. á thabhairt faoi deara, tar éis theacht i bhfeidhm chinneadh athbhreithnithe an Choiste maidir le sceithireacht an 15 Nollaig 2021 (Cinneadh 297/21A), chomh maith leis an gcinneadh athbhreithnithe maidir le nósanna imeachta chun ciapadh síceolaíoch agus gnéaschiapadh ag an obair a chosc agus déileáil leis (Cinneadh 090/22A), a glacadh an 31 Márta 2022, go rabhthas ag dréim leis go gcuirfear an creat dlíthiúil eiticiúil athnuaite i gcrích le cinneadh athbhreithnithe lena leagtar síos forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le nósanna imeachta araíonachta agus fiosrúcháin riaracháin in 2023, i gcomhar le CnaR; á thabhairt dá haire gur glacadh cinneadh nua maidir le tascanna agus gníomhaíochtaí seachtracha (Cinneadh Uimh. 141/22A) in 2022 is infheidhme maidir le baill foirne ghníomhacha, baill foirne ar iasacht agus iarfhoireann, i gcomhréir le forálacha na Rialachán Foirne is infheidhme tráth ar fágadh an tseirbhís;

33. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar sásaimh di, gur lean an Coiste, in 2022, d'oiliúint a chur ar an bhfoireann agus feasacht a mhúscailt faoin gcreat eitice atá i bhfeidhm, go háirithe an cód iompair nua, ciapadh agus sceithireacht, agus ról agus freagrachtaí na gcomhairleoirí eitice ar cuireadh tús lena sainordú i mí Eanáir 2022; ag tabhairt dá haire, in 2022, gur fhreastail 116 bhall foirne, lena n-áirítear bainisteoirí agus daoine nua, ar chúrsaí oiliúna eitice inmheánacha agus gur fhreastail 26 bhall foirne ar chúrsaí oiliúna eitice a chuir an Coimisiún agus an Scoil Riaracháin Eorpach ar fáil; á thabhairt dá haire gur forbraíodh cúrsa oiliúna saincheaptha agus gur seachadadh é don fhoireann comhairleoirí eitice; á chur in iúl gur geal léi gur léirigh 83 % de na freagróirí ar an suirbhé maidir le sásamh na foirne a seoladh in 2022 feasacht láidir ar iompar eiticiúil agus ar chreat eiticiúil treisithe an Choiste;

34. á thabhairt dá haire, maidir leis na cásanna ciaptha a tuairiscíodh le linn urscaoileadh na mblianta a chuaigh thart, gur tugadh an comhaontú socraíochta deireanach a bhaineann le cás na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) OC/2018/0666/A1 i gcrích an 1 Deireadh Fómhair 2022, rud a chuir ar chumas an Choiste gach iarraidh ar chúnamh a bhaineann leis an gcás sin a dhúnadh go hiomlán; á chur in iúl gur geal léi, an 13 Aibreán 2022, go ndearna Uachtarán an Choiste a bhí ann ag an am ráiteas poiblí, a foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Choiste, inar díríodh ar a leithscéal oifigiúil thar ceann an Choiste leis na híospartaigh uile, idir bhaill foirne agus an t-iarchomhalta, sa chás i dtrácht; á chur in iúl gur geal léi, lena breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2022 i gcás C-673/21[1] , gur dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais dlíthiúlacht na mbeart a ghlac biúró an Choiste ina cinneadh an 9 Meitheamh 2020;

35. á iarraidh an athuair ar an gCoiste go ndéanfaí imscrúdú seachtrach agus neamhspleách chun athbhreithniú sonrach a dhéanamh ar nósanna imeachta an Choiste maidir le hacmhainní daonna agus éifeachtacht na n-acmhainní sin, agus béim á leagan ar fhreagrachtaí an ordlathais riaracháin a shainaithint i dtaobh aghaidh a thabhairt ar líomhaintí ciaptha agus dea-bhail na foirne a áirithiú; á chur in iúl go ndiúltaíonn sí, in ainneoin na mbeart a rinneadh chun feabhas a chur ar chreat eiticiúil an Choiste le

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2022, *KN v Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*, C-673/21, ECLI:EU:C:2022:759.

blianta beaga anuas, do sheasamh an Choiste nach bhfuil gá le himscrúdú den sórt sin ós rud é go rabhthas in ann aghaidh a thabhairt ar an gcás ciaptha leis na bearta atá i bhfeidhm agus á mheabhrú gur chuir an Pharlaimint in iúl cheana féin go raibh imní uirthi maidir leis an bhfreagairt mhall atriallach ón gCoiste sna cásanna i dtrácht;

36. ag tabhairt dá haire go ndearna an tOmbudsman Eorpach trí fhiosrúchán tar éis gearáin a fháil in 2022; ag tabhairt dá haire go raibh imscrúdú mar thoradh ar chás amháin, inar thángthas ar an gconclúid nach raibh aon drochriarachán ann; ag tabhairt dá haire gur dúnadh dhá chás eile gan imscrúdú, agus an tOmbudsman á mheas go raibh an dá chás réitithe idir an dá linn;

37. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh ceithre chás leanúnacha de chiapadh líomhnaithe fós á scrúdú ag an gCoiste in 2022; á iarraidh ar an gCoiste an obair leantach ar na cásanna sin a chur in iúl go tráthúil don Pharlaimint; á thabhairt dá haire nár tuairiscíodh aon chásanna nua de chiapadh líomhnaithe laistigh den Choiste maidir lena fhoireann ná lena chomhaltaí in 2022, ach á chur in iúl gur eol di gur tuairiscíodh líomhaintí ciaptha a raibh baint ag ball foirne den Choiste leo in institiúid eile in 2022; á iarraidh ar an gCoiste an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas faoin obair leantach ar an gcás sin i gcomhar leis an institiúid eile lena mbaineann;

38. á thabhairt faoi deara gur páirtí sibhialta é an Coiste sna himeachtaí dlíthiúla leanúnacha arna dtionscnamh ag údaráis náisiúnta na Beilge i gcoinne iarchomhalta a cúisíodh i mí-iompar atá os comhair chúirt na Beilge faoi láthair ag fanacht le cinneadh; á iarraidh ar an gCoiste an Pharlaimint a chur ar an eolas go tráthúil faoi na forbairtí sa chás;

39. á thabhairt dá haire ndearna comhaltaí nó baill foirne trí chás sceithireachta a oscailt go foirmiúil in 2022; á thabhairt dá haire gur déileáladh le gach ceann de na trí chás agus gur dúnadh iad go pras le hurraim chuí do chosaint sceithirí i gcomhréir lena cinneadh maidir le sceithireacht (Cinneadh 297/21A); á thabhairt dá haire thairis sin gur cuireadh dhá chás sceithireachta féideartha faoi bhráid na gcomhairleoirí eitice in 2022 ach nár deimhníodh ceachtar acu;

40. á chur in iúl gur mór aici toilteanas an Choiste comhoibriú le comhlachtaí imscrúdaitheacha an Aontais (OLAF agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)); á thabhairt dá haire gur dhún OLAF, in 2022, dhá chás de mhíleithreasú líomhnaithe chistí an Aontais agus neamhrialtachtaí féideartha agus mí-iompar tromchúiseach a bhain le beirt chomhaltaí in éagmais fianaise ar chalaois agus ar thorthaí; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhair imní di, gur sheol OLAF trí chás nua i gcoinne comhaltaí a bhaineann le féideartha in 2023, ar dúnadh péire acu an bhliain chéanna agus a tarchuireadh chuig OIPE lena scrúdú; á thabhairt dá haire gur tharchuir OLAF cás amháin a bhain le sárú líomhnaithe ag comhalta ar an gcód iompair chuig an gCoiste Eitice de chuid an Choiste; á iarraidh ar an gCoiste an obair leantach ar an gcás sin a chur in iúl go tráthúil don Pharlaimint;

41. ag tréaslú leis an gCoiste as an gcinneadh a dhéanamh a bheith rannpháirteach go foirmiúil, amhail ón 1 Meitheamh 2023, i gclár trédhearcachta an Aontais a bunaíodh le comhaontú idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta éigeantach[2]; á thabhairt dá haire gur ghlac an Coiste, an 21 Márta 2023, roinnt beart

[2] IO L 207, 11.6.2021, lch. 1

trédhearcachta i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos maidir le Clár Trédhearcachta an Aontais, amhail moladh do chomhaltaí a shealbhaíonn oifig gan bualadh ach le geallsealbhóirí cláraithe, an oibleagáid atá ar chomhaltaí a shealbhaíonn oifig a liostaí cruinnithe a fhoilsiú agus 'lorg reachtach' deonach do rapóirtéirí;

42. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil sraith beart i bhfeidhm ag an gCoiste chun calaois a chosc ach nach bhfuil straitéis frithchalaoise chomhtháite curtha i bhfeidhm aige go fóill, in ainneoin iarrataí a rinne an Pharlaimint roimhe sin; á thabhairt dá haire go bhfuil fardal curtha i gcrích ag an gCoiste maidir leis na réimsí atá ábhartha maidir le hanailís inmheánach ar rioscaí calaoise a sheoladh, amhail beartais agus nósanna imeachta, oiliúint foirne agus comhar le comhlachtaí eile, d'fhonn feabhas a chur ar an gcreat frithchalaoise;

***Digitiú, cibearshlándáil agus cosaint sonraí***

43. á thabhairt dá haire gurbh ionann buiséad TF an Choiste agus CnaR le chéile agus EUR 11 712 000 in 2022, lena n-áirítear atreisiú EUR 750 000 trí aistriú buiséid inmheánach le linn na bliana, i gcomparáid le EUR 12 860 000 in 2021, i.e. laghdú 9 %;

44 á thabhairt dá haire go bhfuil straitéis dhigiteach ag an gCoiste arb é is aidhm di seirbhísí TF a chur ar fáil de réir na ndea-chleachtas a bhaineann le bainistiú TF agus úsáid acmhainní daonna agus airgeadais a bharrfheabhsú ag an am céanna; á thabhairt dá haire gur oibrigh an Coiste ar roinnt uirlisí straitéiseacha TF a oiriúnú agus a fhorbairt le linn 2022 agus é mar aidhm aige feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht obair pholaitiúil an Choiste agus ar a phróisis riaracháin agus a shreafaí oibre; á thabhairt dá haire gur bhain an príomhthionscadal bonneagair TF in 2022 leis an tíopeolaíocht líonra a bhí ag teastáil don seomra ríomhaireachta nua i bhFoirgneamh Jacques Delors (JDE) a oiriúnú i gcomhréir leis an treochlár néalríomhaireachta hibrideach;

45. á thabhairt dá haire gur mhéadaigh an Coiste líon na gcruinnithe hibrideacha in 2022 chun oiriúnú d'obair hibrideach agus a bhealaí oibre a bharrfheabhsú, go háirithe trí líon na misean a laghdú; á chur in iúl go dtuigeann sí gur ghá uasghrádú teicniúil a dhéanamh ar an mbealach nua oibre sin ó thaobh trealamh do sheomraí cruinnithe hibrideacha;

46. á thabhairt dá haire nár tháinig an Coiste ar aon chibirionsaithe in 2022; ag tabhairt dá haire go bhfuil trí aonad sa chomhstiúrthóireacht nua um nuálaíocht agus teicneolaíocht faisnéise de chuid an Choiste agus ag CnaR, eadhon an claochlú digiteach, réitigh dhigiteacha agus ardáin dhigiteacha; ag tabhairt dá haire go bhfuil an t-aonad um ardáin dhigiteacha freagrach, *inter alia*, as an gcibearshlándáil; á iarraidh go ndéanfadh an Coiste an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas maidir leis an gcaoi ar rannchuidigh cruthú an struchtúir nua sin le feabhas a chur ar ullmhacht chibearshlándála a fhoirne, i gcomhréir le creat cibearshlándála NIST (Institiúid Náisiúnta Caighdeán agus Teicneolaíochta) agus i gcomhar leis an tSeirbhís Chibearshlándála d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais (CERT-EU); ag moladh don Choiste feasacht i measc a gComhaltaí agus a bhfoirne a mhúscailt maidir leis an gcibearshlándáil, measúnuithe riosca rialta a dhéanamh ar a bhonneagar TF agus iniúchtaí agus tástálacha rialta ar a chibearchosaintí a áirithiú;

47. á thabhairt dá haire go bhfuil iarrachtaí déanta ag an gCoiste chun teicneolaíocht foinse

oscailte a chothú ina chórais féin, go háirithe na príomhfheidhmeanna oibríochtúla a úsáidtear chun obair pholaitiúil an Choiste a bhainistiú (‘Agora’ agus ‘Phoenix’); á thabhairt dá haire, thairis sin, go rianaíonn an Coiste úsáid teicneolaíochtaí foinse oscailte ina phunann bhliantúil TF ionas go gcuirfear i bhfeidhm iad i bhfeidhmchláir nua;

48. á thabhairt dá haire go raibh dul chun cinn á dhéanamh ag an gCoiste in 2022 i dtreo creat nua do bhainistiú doiciméad a ghlacadh chun trédhearcacht agus inrochtaineacht a fheabhsú; á thabhairt faoi deara, agus is díol spéise di, gur thosaigh an Coiste ar mheastóireacht a dhéanamh ar an indéantacht theicniúil agus ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le Córas Bainistíochta Taifead Leictreonach (Ares) an Choimisiúin a úsáid in am trátha;

*Foirgnimh*

49. á thabhairt dá haire gur chaill an Coiste agus CnaR 5 000 m² sa spás oifige tar éis conradh cíosa d'iarfhoirgneamh SEGS ag Belliard 100 a ghlacadh ar láimh, a tháinig i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2021, agus an malartú foirgneamh idir an Coiste agus Belliard 68 agus Trèves 74 de chuid CnaR agus Van Maerlant 2 (VMA) de chuid an Choimisiúin, a tháinig i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2022; á thabhairt dá haire go raibh gá le hoibreacha feistithe sa dá fhoirgneamh nuafhaighte chun úsáid níos dlúithe a bhaint as an spás oifige; á chur in iúl gur geal léi, in 2022, gur bunaíodh tascfhórsa comhpháirteach maidir le bealaí nua oibre chun machnamh a dhéanamh ar an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcaoi a n-eagraítear an obair agus ar an gcaoi a n-úsáidtear spás oifige, agus an lorg comhshaoil á laghdú ag an am céanna;

50. á thabhairt dá haire gur EUR 9,54 milliún méid an bhuiséad iomláin a gealladh in 2021 agus 2022, d’athchóiriú VMA ón tríú hurlár go dtí an naoú hurlár; á thabhairt dá haire, leis na hoibreacha athchóirithe a rinne an Coiste agus CnaR, gur comhtháthaíodh úsáid na dteicneolaíochtaí cliste coigilte fuinnimh a bhfuil gné láidir chomhshaoil ag baint leo; á iarraidh go soláthróidh an Coiste nuashonrú maidir leis an toradh ar infheistíocht na suiteálacha teicneolaíochta sin;

51. á thabhairt dá haire gur dhírigh straitéis tógála an Choiste agus CnaR in 2022 ar chomhchruinniú geografach na bhfoirgneamh a baineadh amach trí na foirgnimh uile a úsáideann na Coistí a nascadh go fisiciúil lena bpríomhfhoirgneamh (JDE); á chur in iúl gur geal léi an nasc fisiciúil nua le foirgnimh na Parlaiminte a tháinig i bhfeidhm i mí na Samhna 2022, lena gcuirtear bealach níos dírí, níos éasca agus 125 m níos giorra ar fáil idir foirgnimh an Choiste agus CnaR agus foirgnimh na Parlaiminte;

52. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choiste agus CnaR an prionsabal ‘dearadh uilíoch’ a chur i bhfeidhm go córasach ar a mbonneagar, lena n-áiritheofar inrochtaineacht a bhfoirgneamh trí dhearadh; á thabhairt dá haire go ndearna an Coiste agus CnaR raon beart éagsúil chun inrochtaineacht a gcuid foirgneamh a áirithiú do dhaoine faoi chineálacha éagsúla míchumais;

*Comhshaol agus inbhuanaitheacht*

53. á chur in iúl gur geal léi na cleachtais inbhuanaithe agus go háirithe cur chuige gan pháipéar an Choiste agus CnaR a rannchuidigh lena lorg comhshaoil a laghdú i gcomhréir leis an straitéis dhigiteach; ag tréaslú leis na Coistí as cuspóirí EMAS do

2021-2025 a shárú, seachas na cuspóirí a bhaineann le tomhaltas gáis; á thabhairt dá haire gur cuireadh buiséad EUR 60 000 ar leataobh do scéim fritháirithe carbóin an Choiste trí chreidmheasanna carbóin ar ardchaighdeán a cheannach in 2023;

54. á thabhairt dá haire, in 2022, gurbh ionann táirgeadh iomlán leictreachais arna ghiniúint ag painéil ghréine ar fhoirgnimh an Choiste agus CnaR agus thart ar 15,5 MWh, arb ionann é agus 0,25 % de thomhaltas bliantúil iomlán an Choiste agus Choiste na Réigiún; á thabhairt dá haire, ón 16 Meán Fómhair 2022, nach raibh painéil ghréine ach ag JDE; á chur in iúl gur eol di, mar gheall ar nósanna imeachta riaracháin, go mbeidh moill ar an gCoiste agus ar CnaR, sula mbeidh siad in ann síneadh a chur lena suiteáil painéal gréine;

55. ag tréaslú leis an gCoiste as plean iompair gnó a bhunú i gcomhaontú le roinn soghluaisteachta Réigiún na Bruiséile, agus gealladh á thabhairt ag an gCoiste ina dhiaidh go ndéanfaidh sé suirbhé éigeantach soghluaisteachta i measc a fhoirne gach trí bliana; á thabhairt dá haire gur chuir an Coiste plean soghluaisteachta inbhuanaithe i bhfeidhm arb é is aidhm dó a fhoireann a spreagadh chun modhanna iompair níos inbhuanaithe a úsáid, lena n-áirítear trí ranníocaíocht airgeadais le síntiúis iompair phoiblí na foirne nó trí ranníocaíocht mhíosúil airgeadais le baill foirne a bhíonn ag rothaíocht chun na hoibre; á thabhairt dá haire go bhfuil an Coiste ag féachaint ar réitigh bhreise, amhail rothair leictreacha a sholáthar agus luchtairí breise a shuiteáil do ghluaisteáin leictreacha;

***Comhar idirinstitiúideach***

56. á chur in iúl gur geal léi na coigiltis bhuiséadacha agus riaracháin a baineadh amach trí chomhar idirinstitiúideach, go háirithe an dlúthchomhar a bunaíodh ar an leibhéal riaracháin le CnaR, lena roinneann an Coiste áitreabh agus comhsheirbhísí i réimsí an aistriúcháin, an bhonneagair, na lóistíochta agus TF, agus a neamhspleáchas institiúideach iomlán á choinneáil aige ag an am céanna; á thabhairt dá haire gur cruthaíodh seirbhísí comhpháirteacha nua an 1 Deireadh Fómhair 2022, lena n-áirítear stiúrthóireacht nua um nuálaíocht agus teicneolaíocht faisnéise, aonad slándála agus sábháilteachta agus aonad soláthair phoiblí agus bainistíochta airgeadais, mar chuid den chomhaontú nua comhair a síníodh le CnaR in 2022; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur chomhthiomsaigh an Coiste agus CnaR 470 ball foirne agus EUR 55 mhilliún le chéile in 2022 as ar tháinig níos mó ná EUR 30 milliún ón gCoiste, cé is moite de chaiteachas a bhaineann le tuarastail; á iarraidh go ndéanfadh an Coiste an comhar sin a shaothrú agus a leathnú i réimsí eile d'fhonn dúbláil a sheachaint agus costais oibriúcháin na seirbhísí atá ar fáil san áitreabh a chomhroinneann an Coiste agus ag CnaR a chuíchóiriú tuilleadh; á iarraidh go bhféachfadh an Coiste agus CnaR an bhféadfaí riarachán aonair a bhunú dá gcomhsheirbhísí, agus stiúrthóireachtaí nó aonaid ar leithligh a choinneáil do na seirbhísí a bhíonn ag déileáil le hábhair a bhaineann lena sainorduithe sonracha neamhspleácha;

57. á chur in iúl gur geal léi go ndearna an Choiste cuardach ar shineirgí trí sheirbhísí a cheannach ó institiúidí eile trí chomhaontuithe ar leibhéal na seirbhíse agus trí pháirt a ghlacadh i gcomhlachtaí comhordaithe idirinstitiúideacha agus i nósanna imeachta soláthair idirinstitiúideacha; á thabhairt dá haire go gcuireann an Pharlaimint seirbhísí ateangaireachta ar fáil go háirithe do sheisiúin iomlánacha an Choiste a bhíonn ar siúl in áitreabh na Parlaiminte agus do roinnt cruinnithe a bhíonn ar siúl in áitreabh an Choiste;

58. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht neartaithe an Choiste sa timthriall reachtach agus á iarraidh ar an gCoiste a áirithiú go roinnfear a thuairimí le comhaltaí choistí ábhartha na Parlaiminte i gcomhréir leis an gcomhaontú comhair idir an Pharlaimint agus an Coiste;

59. á thabhairt dá haire gur shaothraigh agus gur threisigh an Coiste a chomhar leis an gCoimisiún in 2022 i gcomhthéacs an chomhaontaithe ar leibhéal na seirbhíse le hoifig imscrúdaithe agus araíonachta an Choimisiúin maidir le tacaíocht d'fhiosrúcháin riaracháin agus faoi chuimsiú an phrótacail um chomhoibriú a tugadh cothrom le dáta in 2022 lena dtreisítear na sineirgí polaitiúla, reachtacha agus cumarsáide idir an dá institiúid sin, go háirithe i gcur chun feidhme an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh agus an tSeimeastair Eorpaigh; á thabhairt dá haire, de réir an phrótacail nuashonraithe um chomhoibriú, gur treisíodh an úsáid a bhain an Coimisiún as tústuairimí an Choiste, rud a neartigh rannpháirtíocht an Choiste i dtimthriall reachtach an Aontais;

60. á thabhairt dá haire go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gCoiste maidir leis na naisc le comhairlí náisiúnta eacnamaíocha agus sóisialta na mBallstát agus idir na comhairlí sin a threisiú; ag moladh don Choiste leanúint den chomhar a chothú maidir le hábhair leasa choitinn agus maidir le dea-chleachtais agus béim a leagan ar an gcaoi a gcuireann an tsochaí shibhialta le dúshláin reatha an Aontais, go háirithe trí mhalartú foirne agus trí imeachtaí comhchoiteanna a eagrú;

***Cumarsáid***

61. á thabhairt dá haire gurbh ionann buiséad foriomlán an Choiste don chumarsáid in 2022 agus EUR 1 1,5 mhilliún, an méid céanna agus a bhí in 2021; á thabhairt dá haire gur leithdháileadh an buiséad sin go príomha chun tacú le forbairt agus cothabháil shuíomh gréasáin an Choiste, le cumarsáid na meán sóisialta, le faireachán ar na meáin, le caidreamh leis na meáin agus le mórghníomhaíochtaí agus mórimeachtaí an Choiste a chur chun cinn, amhail Duais na Sochaí Sibhialta agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gCoiste in obair na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa (CoFE) agus tacaíocht an Choiste don Úcráin;

62. á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an Coiste straitéis chumarsáide nua sonraíbhunaithe a i mí Dheireadh Fómhair 2022, arb é is aidhm di for-rochtain chumarsáid an Choiste agus tionchar a thuairimí a mhéadú agus Eagraíochtaí Eorpacha na Sochaí Sibhialta (ESSanna) agus institiúidí eile an Aontais a shainiú mar a phríomhspriocanna cumarsáide; á thabhairt dá haire thairis sin, in 2022, go ndearna an Coiste nuashonrú ar na rialacha maidir le comhpháirtíocht agus é mar aidhm aige feabhas a chur ar a rannpháirtíocht straitéiseach le ESSanna trí imeachtaí téamacha;

63. á thabhairt dá aire gur eagraigh an Coiste mórimeachtaí hibrideacha maidir le saincheisteanna tráthúla atá ábhartha don tsochaí shibhialta, amhail imeacht ardleibhéil CoFE maidir le 'An Eoraip a Mhúnlú le chéile - Braitheann an todhchaí ort féin', an t-imeacht bliantúil don aos óg 'Leatsa an Eoraip, Abair leat!' do dhaltaí agus do mhúinteoirí an Aontais agus na dtíortha is iarrthóirí agus an seisiún iomlánach bliantúil don aos óg '*The truth about lies*. *Youth challenging Disinformation*' [An fhírinne maidir leis na bréaga. An óige ag tabhairt dúshlán don bhréagaisnéis] do mhicléinn. á thabhairt dá haire gur eagraigh an Coiste gníomhaíochtaí níos speisialaithe freisin lena ndírítear ar Bhliain na hÓige agus ar chogadh foghach an Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus iad

dírithe ar iriseoirí agus ar ghairmithe cumarsáide ESSanna;

64. á chur in iúl gur geal léi gur tháinig méadú ar raon foriomlán chumarsáid an Choiste in 2022 i gcomparáid le 2021, go háirithe trí chlúdach na meán agus trí láithreacht ghréasáin agus na meán sóisialta; á thabhairt dá haire gur tháinig méadú 96,9 % (57 000 cuairt) ar líon na gcuairteanna ar leathanach lárnach Facebook agus gur tháinig méadú 97,9 % (20 000 cuairt) ar líon na gcuairteanna ar chuntas Instagram agus tháinig méadú 1,1 % (6 milliún úsáideoir) ar líon na n-úsáideoirí Facebook, tháinig méadú 33 % ar an bhfor-rochtain ar Instagram (os cionn 3 mhilliún úsáideoir), ghin na poist a foilsíodh ar LinkedIn beagnach 1,2 milliún taispeáint, agus bailíodh os cionn 6 mhilliún taispeáint leis na tvuíteanna a foilsíodh ar X (Twitter roimhe seo); á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht an Choiste, amhail ó 2023, sa treoirthionscadal faoi stiúir an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí arb é is aidhm dó institiúidí an Aontais a thabhairt ar an EU-Voice agus ar EU-Video, ar dhá líonra meán sóisialta saor in aisce agus foinse oscailte iad, bunaithe ar bhogearraí Mastodon, lena gceadaítear d’institiúidí an Aontais idirghníomhú leis an bpobal trí théacsanna, íomhánna, físeáin agus podchraoltaí a chomhroinnt;

65. á chur in iúl gur geal go n-áirithíonn an Coiste go mbeidh rochtain oscailte ag saoránaigh ar a dhoiciméid trí chlár leictreonach tiomnaithe; á thabhairt dá haire go gcuireann an Coiste le tairseach sonraí oscailte an Choimisiúin lena thacair sonraí féin, rud a thacaíonn le níos mó trédhearcachta ina chuid oibríochtaí trí shonraí a bhfuil rochtain saor in aisce orthu i bhformáidí daonna agus meaisín-inléite agus tríd an nasc leis na saoránaigh a neartú.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

| Eintiteas agus/nó duine |
|---|
| Ardrúnaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 22.2.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 21<br>–: 2<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gilles Boyer, Olivier Chastel, Caterina Chinnici, Carlos Coelho, Beatrice Covassi, Luke Ming Flanagan, Daniel Freund, Isabel García Muñoz, Monika Hohlmeier, Joachim Kuhs, Petri Sarvamaa, Eleni Stavrou, Angelika Winzig, Lara Wolters |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Corina Crețu, Jozef Mihál, Andrey Novakov, Mikuláš Peksa, Sabrina Pignedoli, Michal Wiezik |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marie Dauchy, Ljudmila Novak, Mick Wallace |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 19 | + |
|---|---|
| NI | Sabrina Pignedoli |
| EPP | Caterina Chinnici, Carlos Coelho, Monika Hohlmeier, Ljudmila Novak, Andrey Novakov, Eleni Stavrou, Angelika Winzig |
| Renew | Gilles Boyer, Olivier Chastel, Jozef Mihál, Michal Wiezik |
| S&D | Corina Crețu, Isabel García Muñoz, Lara Wolters |
| The Left | Luke Ming Flanagan, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Daniel Freund, Mikuláš Peksa |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Marie Dauchy, Joachim Kuhs |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh